Leagan Amach PhD

Treoracha maidir le Formáid, Leagan Amach agus Cur i Láthair

Ní mór leathanach teidil a bheith ann, ar a mbeidh an t-eolas seo a leanas:

An teideal iomlán agus fotheideal, más ann dó

Uimhir an imleabhair agus an líon iomlán imleabhar, má tá níos mó ná ceann amháin ann

Ainm iomlán an údair, agus is féidir cailíochtaí a lua ina dhiaidh sin

Ainm(neacha) an stiúrthóra/na stiúrthóirí, na scoile/na scoileanna/na roinne/na rann, na hinstitiúide

An mhí agus an bhliain ar leagadh isteach an tráchtas

Clár na nÁbhar

Ba cheart go mbeadh Clár na nÁbhar, clár simplí, le fáil i ndiaidh an leathanaigh teidil.

Formáid agus Leagan Amach

Ní mór go mbeadh an téacs priontáilte ar pháipéar A4 ar ardchaighdeán (110 g/m^2) le ciumhais 4 cm ar thaobh clé an leathanaigh. Moltar spásáil líne go leith ar a mhéad, comhfhadaithe ar chlé, leagan amach soléite agus priontáil dhéthaobhach do chorp an téacs. Is iondúil go bhfeileann formáidí níos dlúithe agus clómhéideanna níos lú do choda áirithe cosúil le liostaí tagartha, leabharliostaí agus cineálacha áirithe aguisíní. Ní mór go mbeadh uimhir ar gach leathanach i ndiaidh a chéile, agus ba cheart go mbeadh uimhreacha na leathanach suite i lár an leathanaigh ag an mbonn, agus na ceanntásca caibidil ag barr gach leathanaigh. Ba cheart go mbeadh léaráidí, graif, grianghraif agus táblaí suite san áit cheart sa téacs.

An Ceangal

Is féidir na chéad chóipeanna le ceangal bíseach nó le ceangal guma orthu a leagan isteach lena scrúdú. Is idir dhá chlár a bheidh an chóip cheangailte den tráchtas a leagfar isteach i Leabharlann na hOllscoile. Ceangal seasta a bheidh air ina mbeidh na leathanaigh ceangailte go buan. Beidh teideal an Tráchtais, ainm an údair, teideal na céime agus an dáta sonraithe ar chlúdach tosaigh an tráchtais. Beidh ainm an údair, teideal na céime agus an dáta sonraithe ar dhroim an tráchtais.

Kenny's Book Binders – 091 773311

JFK Book Binders – 091 709362